Na Cnocadóirí
Nuacht an tSamhraidh

Sa nuachtlitir seo

- Tóg go bog é ar shiúlóidí éasca
- Tráth na gceist
- Turas go Gleann Cholm Cille
- Deireadh seachtaine eile á phleanáil
- Cúrsa cnocadóireachta
- Beárbaiciú an tsamhraidh
- Suíomh nua Gréasáin
- Liosta siúlóidí agus imeachtaí
- Éadaí agus earraí eile ar díol
- Treoraithe ag teastáil

Ag cur is ag cúiteamh i nGleann Molúra, La Fhéile Pádraig, 2009.

Seo chugainn an samhradh ..

..agus tá neart siúlóidí agus imeachtaí eile beartaithe againn. Is léir ó spléachadh ar an nuachtlitir seo go bhfuil an-chuid ar siúl sa chlub le tamall. Cnocadóirí ar an idirlíon, ar an raidió, agus ar T-léinte agus mhálaí go fiú! Bíonn siad le feiceáil cois canála, i nDún na nGall agus sar i bhfad, beidh Cnocadóirí san Iodáil.

Go mbaine tú taitneamh as an nuachtlitir, agus tá súil againn bualadh leat amuigh ar na sléibhte le linn laethanta breátha fada an tsamhraidh.

Coiste na gCnocadóirí.

Tóg go bog é!

Le tamall anuas tá na Cnocadóirí ag eagrú corrshiúlóid éasca ar an gcothrom, chun deis a chruthú do dhaoine breise páirt a ghlacadh sa chlub. Go dtí seo, eagraíodh siúlóidí ó Bhré go dtí na Clocha Liatha, ó Bhaile Phib go Léim an Bhradáin cois na Canála Ríoga, ar Bhinn Éadair, agus sa tearmann dúlra i nGleann *an Chláraigh (Clara Vale). Ní bheidh siulóid éasca againn sa samhradh; ar an 27 Meán Fómhair a bheidh an chéad siúlóid éasca eile ann.

Má tá eolas agat ar shiúlóid a d'oirfeadh do liosta na siúlóidí éasca déan teagmháil linn.

Ag siúl cois na Canála Ríoga, Feabhra 2009

Na Quizmháistrí

Tacaigh le hionadaithe an chlub i dtráth na gceist

Beidh foireann ó na Cnocadóirí in iomaíocht sa chlár raidió Buille Faoi Thuairim go luath, clár thráth na gceist a chraoltar ar RTÉ Raidió 1. Beidh an clár á thaifeadadh i stiúideo RTÉ i nDomhnach Broc ar an **Déardaoin, 25 Meitheamh, ar 7.00 p.m**. agus ba mhór againn dá dtiocfadh cuid de na Cnocadóirí amach chun tacú le Christy, le Fionntán agus le hÉimear ar an oíche. Rachaimid le haghaidh cúpla deoch ina dhiaidh – le cúnamh Dé beidh cúis cheiliúrtha againn!

Turas go Gleann Cholm Cille

Thug seachtar déag de na Cnocadóirí aghaidh ar Ghleann Cholm Cille ag tús mhí na Bealtaine, agus bhí an-spraoi agus spórt againn le linn an deireadh seachtaine.

Thosaíomar amach gar do Cheann an Charraigín maidin Sathairn, agus shiúlamar go dtí Málainn Bheag, ag dul thar mhullach Shliabh Liag ar an mbealach. Bhí an t-ádh linn ó thaobh na haimsire de - chuaigh cuid den ghrúpa ag snámh san fharraige ar an Trá Bhán ag deireadh na siúlóide, go fiú!

Ó thuaidh linn go Sliabh Tuaidh ar an Domhnach, agus bhí siúlóid bhreá eile againn, agus radhairc áille amach ar an bhfarraige agus ar an gcósta.

D'fhanamar san Ionad Siúl, brú nua sa tsráidbhaile, áit a bhfuil lóistín compordach ar ardchaighdeán ar fáil, agus fáilte fial roimh chuairteoirí. Ní raibh ocras ná tart orainn, le béilí breátha agus neart deochanna gach oíche. Is mian linn buíochas faoi leith a ghabháil le Gwyn, as an dinnéar iontach a réitigh sí dúinn.

Beidh tuilleadh grianghraf ón deireadh seachtaine le feiceáil gan mhoill ar www.cnocadoiri.com/grianghraif.html

Deireadh seachtaine fada na Samhna

Tá beartaithe ag an gclub deireadh seachtaine cnocadóireachta eile a eagrú ón 23–26 Deireadh Fómhair. Cuir an dáta sa dialann! Níl na socraithe déanta go fóill ach scaipfear scéal san fhómhar. Idir an dá linn, ba bhreá linn scéala a fháil ó dhuine ar bith a bheadh sásta cabhrú linn an turas a eagrú.

Cúrsa cnocadóireachta



Tá cúrsa i mbuscileanna cnocadóireachta á eagrú ag an gclub. Ar an gúrsa seo foghlaimeoidh tú conas compás a úsáid, léarscáil a léamh, conas fad siúlóide a mheas, bealach a phleanáil agus neart eile. Tá tuilleadh eolais ar www.cnocadoiri.com/imeachtai.html.

Beidh an cúrsa ar siúl ar an gCéadaoin, an **3 Meitheamh**;má tá spéis agat ann déan teagmháil linn láithreach.

Beárbaiciú an tsamhraidh

D'éirigh chomh maith leis an mbeárbaiciú anuraidh gur bheartaíomar ceann a eagrú arís i mbliana. Beidh sé ar siúl i ngairdín Eileen (i gCaisleán Cnucha) **ar an Aoine, an 3 Iúil**. Beidh bia ar fáil in aisce, ach pé rud ba mhaith leat a ól a thabhairt ann tú féin. Scaipfear an seoladh agus treoracha ar bhaill an chlub níos cóngaraí don dáta – ach cuir sa dialann é agus ná lig tharat an ócáid seo.

Suíomh nua Gréasáin

www.cnocadoiri.com

Ar thug tú cuairt ar shuíomh nua Gréasáin na gCnocadóirí go fóill? I measc an eolais ar an suíomh gheobhaidh tú:

- liosta siúlóidí agus imeachtaí
- fógraí an chlub agus fógraí eile
- grianghraif
- eolas faoin gclub
- foclóirín
- agus go leor eile.

Féach air, scaip an scéal, agus má tá moladh ar bith agat féin ina leith, cuir scéala chugainn.

Féilire

Achoimre ar na siúlóidí agus na himeachtaí a bheidh ar siúl idir seo agus mí Mheán Fómhair. Tuileadh eolais ar www.cnocadoiri.com.

Meitheamh		
03 Meitheamh	An Chéadaoin	Cúrsa bunscileanna cnocadóireachta
14 Meitheamh	An Domhnach	Gnáthshiúlóid mheánach
25 Meitheamh	Déardaoin	Clár Thráth na gCeist á thaifeadadh
28 Meitheamh	An Domhnach	Gnáthshiúlóid
Iúil		
3 Iúil	An Aoine	Beárbaiciú an tsamhraidh
12 Iúil	An Domhnach	Gnáthshiúlóid mheánach
26 Iúil	An Domhnach	Gnáthshiúlóid mheánach
Lúnasa		
16 Lúnasa	An Domhnach	Gnáthshiúlóid mheánach
21–28 Lúnasa	Aoine - Aoine	Saoire siúlóide sna Dolaimítigh
Meán Fómhair		
13 Meán Fómhair	An Domhnach	Gnáthshiúlóid mheánach
27 Meán Fómhair	An Domhnach	Siúlóid éasca

Éadaí agus earraí eile ar díol

Tá lógó ag na Cnocadóirí anois agus beidh seaicéid lomra (*fleece jackets*) ar díol ag an gclub ar phraghas réasúnta go luath. Scaipfear scéala faoi sa samhradh. Míle buíochas le Cóilín as an lógó a dhearadh dúinn.

Ach idir an dá linn, más Cnocadóir fíordhílis thú, b'fhéidir gur mhaith leat do shaol ar fad a bhrandáil, agus réimse leathan earraí a cheannach, chun go mbeidh na Cnocadóirí mórthimpeall ort i gcónaí. Fiontair phríobháideacha is ea na suímh seo a leanas agus ní fhaigheann an club aon airgead as na hearraí a dhíoltar, ach tá lánchead acu an lógó a úsáid.

www.gaelshirt.com



T-léinte, caipíní do leanaí óga, scáthanna báistí agus eile ar fáil ar www.gaelshirt.com

www.cafepress.com/cnocadoiri

Mugaí, caipíní, málaí agus earraí eile ar fáil ar http://www.cafepress.com/cnocadoiri

Treoraithe ag teastáil

Bíonn sé deacair clár siúlóidí a leagan amach, nuair atáimid ag brath ar na treoraithe céanna teacht amach agus an grúpa a threorú, coicís i ndiaidh coicíse. Má tá eolas agat ar shiúlóid shuimiúil agus dá mbeifeá sásta grúpa a thabhairt ann lá éigin cuir scéala chugainn.

Is trí chomhoibriú mar sin a neartófar an club, agus a chuirfear ar ár gcumas réimse leathan siúlóidí a eagrú.